(25j) ciallaíonn "duais aitheantais" duais chun aitheantas a thabhairt don mhéid a baineadh amach roimhe seo agus d'éachtaí oibre i ndiaidh a ndéanta

(25k) ciallaíonn "gníomhaíocht nuálaíochta agus cur in úsáid ar an margadh" gníomhaíocht a bhfuil gníomhaíocht nuálaíochta neadaithe inti chomh maith leis na gníomhaíochtaí eile is gá chun nuálaíocht a chur in úsáid ar an margadh, lena n-áirítear méadú cuideachtaí, maoiniú cumaiscthe faoi Fís Eorpach a chur ar fáil (meascán de chistiú i bhfoirm deontais agus maoiniú príobháideach);

(25l) ciallaíonn "gníomhaíochtaí indíreacha" gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a sholáthraíonn an tAontas tacaíocht airgeadais dóibh agus a dhéanann na rannpháirtithe;

(25m) ciallaíonn "gníomhaíochtaí díreacha" gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanann an Coimisiún trína Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC).

(27) ciallaíonn "soláthar" soláthar mar a shainmhínítear in Airteagal 2(49) den Rialachán Airgeadais;

(28) ciallaíonn "eintiteas cleamhnaithe" aon eintiteas dlítheanach mar a shainmhínítear in Airteagal 187(1) den Rialachán Airgeadais;

(30) ciallaíonn "éiceachóras nuálaíochta" éiceachóras lena dtugtar le chéile gníomhaithe nó eintitis ar leibhéal an Aontais arb é an sprioc fheidhmiúil atá acu forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a chumasú. Cuimsítear leo an caidreamh idir acmhainní ábhartha (amhail cistí, trealamh agus áiseanna), na heintitis institiúideacha (amhail institiúidí ardoideachais agus ar na seirbhísí tacaíochta, eagraíochtaí taighde agus nuálaíochta, gnólachtaí, caipitlithe fiontair agus idirghabhálaithe airgeadais) agus eintitis ceaptha beartais agus cistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

(d) an leas is fearr is féidir a bhaint as an gClár chun an Limistéar Eorpach Taighde a neartú agus a thionchar agus a tharraingt a mhéadú, rannpháirtíochtaí fheabhas-bhunaithe na mBallstát in Fís Eorpach a chothú, lena n-áirítear na Ballstáit ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N, agus naisc chomhoibríocha a éascú i dtaighde agus nuálaíocht na hEorpa.

**Airteagal 4**

**Struchtúr an Chláir**

1. Déantar an Clár a struchtúrú sna codanna seo a leanas chun rannchuidiú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a ghnóthú:

(1) Colún I 'Eolaíocht den Scoth' ina bhfuil na comhchodanna seo a leanas:

(a) an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC);

(b) Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA);

(c) bonneagair thaighde.

(2) Colún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' ina bhfuil na comhchodanna seo a leanas, á chur san áireamh go mbeidh ról tábhachtach ag na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí sna cnuasaigh ar fad:

(a) an cnuasach 'Sláinte';

(b) an cnuasach 'An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach';

(ba) an cnuasach 'Slándáil Shibhialta don tSochaí';

(c) an cnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás';

(d) an cnuasach 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht';

(b) EUR 47 179 000 000 le haghaidh Cholún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' don tréimhse 2021-2027, as a dtiocfaidh

(1) EUR 6 893 000 000 don chnuasach 'An tSláinte';

(2) EUR 1 253 500 000] don chnuasach 'Cultúr, Cruthaitheacht agus Sochaí Chuimsitheach';[35]

(2a) EUR 1 253 500 000 don chnuasach 'Slándáil Shibhialta don tSochaí';[36]

(3) EUR 13 429 000 000 don chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás';

(4) EUR 13 429 000 000 don chnuasach 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht';

(5) EUR 8 952 000 000 don chnuasach 'Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus an Comhshaol';

(6) EUR 1 970 000 000] do ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC);

---

[35] Is é EUR 2 507 000 000 an méid comhcheangailte do chnuasach 2 agus do chnuasach 2a.
[36] Is é EUR 2 507 000 000 an méid comhcheangailte do chnuasach 2 agus do chnuasach 2a.

12. Áiritheoidh sineirgí leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus leis an ionstraim um bainistiú teorainneacha mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar na riachtanais taighde agus nuálaíochta i réimse na slándála agus i réimse an bhainistithe chomhtháite teorainneacha a shainaithint agus a shuíomh le linn phróiseas pleanála straitéisí an Chláir Réime don taighde agus nuálaíocht;

(b) go bhféadfaidh an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha tacú le teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha úra a chur in úsáid, go háirithe iad siúd a thagann as na Cláir Réime um thaighde agus um nuálaíocht i réimse an taighde slándála.

13. Áiritheoidh sineirgí leis an gCiste InvestEU an méid seo a leanas:

(a) leis an gClár Réime, go soláthrófar maoiniú cumaiscthe ó Fís Eorpach agus ó CNE le haghaidh nuálaithe, arb é leibhéal ard riosca is saintréith dó agus nach gcuireann an margadh maoiniú inmharthana inbhuanaithe ábhartha ar fáil ina leith. San am céanna, leis an gClár Réime, tabharfar tacaíocht chun an chuid phríobháideach den mhaoiniú cumaiscthe a sholáthar agus a bhainistiú go héifeachtach trí chistí agus idirghabhálaithe a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU agus ó dhreamanna eile;

(b) go ndéanfar ionstraimí airgeadais don taighde agus nuálaíocht agus do FBManna a ghrúpáil le chéile faoin gCiste InvestEU, go háirithe trí ionú téamach T&N tiomnaithe, agus trí tháirgí arna gcur in úsáid faoin ionú FBManna, rud a chuideodh le cuspóirí an Chláir a bhaint amach.

(c) go dtabharfar tacaíocht iomchuí, faoin gClár Réime, chun cabhrú le treo nua a thabhairt do thionscadail nach bhfuil oiriúnach do chistiú CNE i dtreo InvestEU, i gcás inarb ábhartha

